BILLE NA GAELTACHTA, 2012

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Cuspóir an Bhille

Tá dhá chuspóir phríomha ag an mBille seo, eadhon, foráil a dhéanamh maidir le próiseas reachtúil pleanála teanga chun tacú leis an nGaeilge agus foráil a dhéanamh maidir le leasuithe ar bhord agus ar fheidhmeanna Údarás na Gaeltachta.

I dtaca leis an **bpróiseas reachtúil pleanála teanga**, déantar foráil leis an mBille maidir le hainmniú na Gaeltachta láithrí mar roinnt Limistéar scoite Pleanála Teanga Gaeltachta, agus úsáid á baint as critéir pleanála teanga seachas as critéir gheografacha mar a bhíothas á dhéanamh roimhe seo. Tá an cur chuige sin bunaithe ar an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* inar taispeánadh go bhfuil aistriú suntasach teanga ó Ghaeilge go Béarla tar éis tarlú sa Ghaeltacht agus is é atá sa chonclúid ar thángthas uirthi ná go bhféadfadh sé, mura ndéantar gníomh práinneach, nach mbeidh ach saolré 15 bliana go 20 bliain fágtha ag an nGaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht.

Is é a bheidh i gceist ná limistéir atá laistigh den Ghaeltacht láithreach a ainmniú, le hOrdú, mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta arb é a bheidh iontu ná Toghranna agus codanna díobh ar ina leith atá pleananna teanga comhaontaithe ag na pobail lena mbaineann leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir rialachán forordaithe arna ndéanamh ag an Aire. Is é is cuspóir don phróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a neartú mar theanga theaghlaigh agus phobail na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Beidh ról ag Údarás na Gaeltachta maidir le cúnamh a thabhairt do phobail i ndáil le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

Déantar foráil leis an mBille freisin maidir le Bailte Seirbhíse Gaeltachta a ainmniú. Is é atá i gceist leo sin ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, nó tadhlach leo, agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar do na limistéir sin. Chun go ndéanfar ainmniúchán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, beidh ar eagraíocht i mbaile den sórt sin plean teanga a ullmhú agus ní mór di an plean sin a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú, de réir rialachán arna ndéanamh ag an Aire. Déanfaidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga, agus sin ag brath ar cibé acu atá an baile suite laistigh de Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó lasmuigh díobh.

Baineann foráil eile de chuid an Bhille le pobail teanga atá lasmuigh de Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a ainmniú mar Líonraí Gaeilge. Is é atá sna Líonraí Gaeilge sin ná limistéir a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu i dtaca le tacaíocht phobail

agus tacaíocht Stáit don Ghaeilge agus a bhfuil pleananna teanga ullmhaithe ina leith ag eagraíocht sa phobal lena mbaineann, agus na pleananna sin comhaontaithe ag an Aire de réir rialachán forordaithe arna ndéanamh ag an Aire. Beidh ról ag Foras na Gaeilge maidir le cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí i ndáil le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga i Líonraí Gaeilge.

Maidir le **hÚdarás na Gaeltachta**, déantar na forálacha seo a leanas leis an mBille:

(i) deireadh a chur leis an gceanglas i ndáil le dírthoghcháin chun Údarás na Gaeltachta;

(ii) laghdú a dhéanamh ar an líon comhaltaí ar an mBord ó 20 go 12, chun foráil a dhéanamh maidir le comhairlí contae, a bhfuil limistéir Ghaeltachta laistigh díobh, d'ainmniú cúig chomhalta den bhord lena gceapadh ag an Aire, agus chun foráil a dhéanamh maidir leis an Aire do cheapadh na 7 gcomhalta eile;

(iii) feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás maidir le pleanáil teanga agus cur chun cinn teanga sa Ghaeltacht;

(iv) deireadh a chur le coistí reachtúla réigiúnacha an Údaráis;

(v) laghdú a dhéanamh ar mhéid a choiste meastóireachta reachtúil;

(vi) a chumasú don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a ordú don Údarás infheistíocht a dhéanamh in earnálacha áirithe fiontraíochta; agus

(vii) foráil a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara eile.

De dhroim na bhforálacha sin roimhe seo, déantar foráil leis an mBille maidir le haisghairm alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956, maidir le haisghairm gnéithe áirithe den chorpas reachtaíochta a bhaineann le rialachas agus oibríochtaí Údarás na Gaeltachta agus maidir le leasuithe ar na hAchtanna Toghcháin (1992 agus 1997) agus ar an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997. Déantar foráil leis freisin maidir le cúlghairm roinnt Orduithe Limistéar Gaeltachta agus roinnt Rialachán um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta.

Cuid 1
Réamhráiteach agus ginearálta
Alt 1 — Gearrtheideal agus tosach feidhme

Foráiltear le fo-alt (1) go ndéanfar Acht na Gaeltachta, 2012 a ghairm den Acht. Déantar foráil le fo-alt (2) maidir le tosach feidhme na n-alt éagsúil atá ann.

Alt 2 — Míniú

Tá foráil chaighdeánach mínithe ann san alt seo. Tugtar míniú ar "Aire" mar fhocal a chiallaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Alt 3 — Rialacháin

Leis an alt seo, cuirtear ar chumas an Aire, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil, agus tar éis comhairliúcháin le hAirí eile, de réir mar is cuí, rialacháin agus orduithe a dhéanamh, i gcás inar gá sin, maidir le forálacha an Bhille agus aon fhorálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha a mheasann an tAire a bheith riachtanach chun críocha na rialachán nó na n-orduithe a chur

san áireamh sna rialacháin agus sna horduithe sin. Le fo-alt (3), déantar foráil maidir leis na horduithe nó na rialacháin sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus maidir lena neamhniú le rún ó cheachtar Teach.

Alt 4 — Caiteachais

Is foráil chaighdeánach í seo lena gceadaítear caiteachais a thabhú i ndáil le riaradh an Bhille.

Alt 5 — Cúlghairm agus aisghairm

Déantar foráil leis an alt seo maidir le haisghairm agus cúlghairm mar a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis an mBille.

Cuid 2

Pleanáil Teanga

Alt 6 — Mínithe *(Cuid 2)*

Is foráil chaighdeánach í seo ina bhfuil mínithe ar na téarmaí "limistéar Gaeltachta", "Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta", "Baile Seirbhíse Gaeltachta", "Líonra Gaeilge", "eagraíocht", "forordaithe" agus "baile".

Alt 7 — Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

Leis an alt seo, déantar foráil á rá, maidir le gach Toghroinn atá laistigh den Ghaeltacht faoi láthair, arna míniú faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 agus arna sonrú faoi Orduithe na Limistéar Gaeltachta 1956, 1967, 1974 agus 1982, go leanfaidh siad, ar thosach feidhme an ailt seo, de bheith ina limistéir Ghaeltachta agus go bhféadfaidh an tAire, dá éis sin, limistéir atá le hainmniú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a chinneadh ó am go ham, le hOrdú, agus úsáid á baint as critéir pleanála teanga fhorordaithe.

Le fo-alt (1), foráiltear go leanfaidh limistéir láithreacha Ghaeltachta de bheith ina limistéir Ghaeltachta tar éis alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 a aisghairm. Le fo-alt (2), foráiltear go bhféadfaidh an tAire, ó am go ham, limistéir atá le hainmniú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a chinneadh le hOrdú. Is é a bheidh sna limistéir sin ná Toghranna agus codanna díobh ar ina leith atá pleananna teanga comhaontaithe idir na pobail lena mbaineann agus an tAire, de réir rialachán forordaithe, chun an Ghaeilge a neartú mar theanga theaghlaigh agus phobail laistigh de na limistéir iomchuí. Le fo-alt (3), foráiltear go bhfoilseoidh an tAire fógra á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a ainmniú le hOrdú agus sonraítear an cineál faisnéise a bheidh le cur san áireamh san fhógra. Sonrófar san fhógra, *inter alia*, an tréimhse ar laistigh di atá plean teanga don limistéar lena mbaineann le hullmhú.

Le fo-ailt (4) go (13), déantar foráil maidir le próiseas ar tríd a fhéadfaidh eagraíochtaí áitiúla iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta á iarraidh go roghnófar iad chun pleananna teanga a ullmhú do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, maidir leis an Údarás do sholáthar cúnaimh do na heagraíochtaí a roghnaítear, is é sin, cúnamh a bhaineann le forbairt na bpleananna sin, agus maidir le limistéar a eisiamh ón nGaeltacht, le hOrdú Aireachta, ag céimeanna éagsúla le linn an phróisis, más rud é nach ndéanann aon eagraíocht iarratas chun plean a ullmhú [fo-alt (5)], más rud é go mainníonn eagraíocht a roghnaítear plean a ullmhú agus más rud é nach bhfuil aon eagraíocht mhalartach ar fáil [fo-alt (10)] agus, i gcás nach gceadaíonn an tAire plean a chuirtear faoina bhráid nó faoina bráid agus i gcás ina bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar plean inghlactha a chur faoina bhráid nó faoina bráid [fo-alt (13)]. Déantar foráil le fo-ailt (4) go (13) freisin

á rá go bhféadfaidh an tAire, in imthosca áirithe, fadú a dhéanamh ar an tréimhse chun pleananna a chur faoi bhráid an Aire.

Le fo-ailt (14) agus (15), lamháiltear forálacha an ailt a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeifear tar éis fadú ama a dheonú nó eagraíocht mhalartach a roghnú. Tugann fo-alt (16) deis don Aire an próiseas pleanála teanga a atosú le Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta leasaithe ann sa chás gur mian leis nó léi cuid de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a ainmníodh roimhe a eisiamh ón nGaeltacht.

Alt 8 — Pleananna Gaeilge a chur i bhfeidhm i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le cur i bhfeidhm pleananna teanga i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta [fo-alt (1)], maidir le hÚdarás na Gaeltachta do sholáthar cúnaimh i ndáil leis sin [fo-alt (2)] agus maidir leis an Aire d'athbhreithniú chur i bhfeidhm na bpleananna ar bhonn tréimhsiúil [fo-alt (3)]. Más rud é nach bhfuil plean á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an eagraíocht forfheidhmithe easnaimh shainaitheanta a leigheas laistigh de thréimhse shonraithe ama ar tréimhse í a bhféadfaidh an tAire í a fhadú [fo-ailt (4) agus (5)]. Más rud é, tar éis don Aire athbhreithniú eile a dhéanamh, nach mbeifear tar éis na heasnaimh a leigheas, féadfaidh an tAire, le hOrdú, ainmniú an Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta a chúlghairm agus féadfaidh sé nó sí fógra poiblí a thabhairt á rá sin [fo-ailt (6), (7) agus (8)].

Alt 9 — Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Leis an alt seo, foráiltear go bhféadfaidh an tAire, le hOrdú, bailte a ainmniú chun bheith ina mBailte Seirbhíse Gaeltachta. Is é atá i gceist leo sin ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, nó tadhlach leo, agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, saoráidí sóisialta agus saoráidí tráchtála a sholáthar do na limistéir sin [fo-alt (1)]. Le fo-alt (2), foráiltear go bhfoilseoidh an tAire fógra á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Baile Seirbhíse Gaeltachta a ainmniú le hOrdú agus sonraítear an cineál faisnéise a bheidh le cur san áireamh san fhógra. Sonrófar san fhógra, *inter alia*, an tréimhse ar laistigh di atá plean teanga don limistéar lena mbaineann le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Aire. Le fo-alt (3), foráiltear go bhféadfaidh eagraíocht i mbaile iarratas a dhéanamh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, chun plean teanga a ullmhú don bhaile lena mbaineann. Le fo-alt (4), foráiltear go bhféadfaidh an tAire fógra eile a fhoilsiú i gcás nach mbeidh aon eagraíocht tar éis iarratas a dhéanamh faoi fho-alt (2).

Le fo-ailt (5) go (13), déantar foráil d'Údarás na Gaeltachta nó d'Fhoras na Gaeilge eagraíochtaí áitiúla a roghnú, ag brath ar cibé acu atá an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, nó lasmuigh de, chun pleananna teanga a ullmhú do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta [fo-ailt (5) agus (6)], maidir leis an Údarás nó leis an bhForas do sholáthar cúnaimh do na heagraíochtaí a roghnaítear, is é sin, cúnamh a bhaineann le forbairt na bpleananna sin [fo-alt (8)], agus maidir le heagraíocht mhalartach a roghnú más rud é go mainníonn eagraíocht a roghnaítear plean a ullmhú [fo-alt (10)] nó más rud é go gcuireann eagraíocht plean faoi bhráid an Aire ar plean é nach bhfuil inghlactha ag an Aire [fo-alt (13)]. Foráiltear freisin go bhféadfaidh an tAire, in imthosca áirithe, fadú a dhéanamh ar an tréimhse chun pleananna a chur faoi bhráid an Aire [fo-alt (9)].

Le fo-ailt (14) agus (15), lamháiltear forálacha an ailt a chur i bhfeidhm i gcás ina mbeifear tar éis fadú ama a dheonú nó eagraíocht mhalartach a roghnú.

Alt 10 — Pleananna Gaeilge a chur i bhfeidhm i mBailte Seirbhíse Gaeltachta

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le cur i bhfeidhm pleananna teanga i mBailte Seirbhíse Gaeltachta [fo-alt (1)], maidir le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, do sholáthar cúnaimh i ndáil leis sin [fo-alt (2)] agus maidir leis an Aire d'athbhreithniú chur i bhfeidhm na bpleananna ar bhonn tréimhsiúil [fo-alt (3)]. Más rud é nach bhfuil plean á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an eagraíocht forfheidhmithe easnaimh shainaitheanta a leigheas laistigh de thréimhse ama shonraithe ar tréimhse í a bhféadfaidh an tAire í a fhadú [fo-ailt (4) agus (5)]. Más rud é, tar éis don Aire athbhreithniú eile a dhéanamh, nach mbeifear tar éis na heasnaimh a leigheas, féadfaidh an tAire, le hOrdú, tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, ainmniú an bhaile lena mbaineann a chúlghairm agus féadfaidh sé nó sí fógra poiblí a thabhairt á rá sin [fo-ailt (6), (7) agus (8)].

Alt 11 — Líonraí Gaeilge

Foráiltear le fo-alt (1) den alt seo go bhféadfaidh an tAire, le hOrdú, pobail atá lasmuigh de Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó de limistéir Ghaeltachta a ainmniú chun bheith ina Líonraí Gaeilge. Is é atá sna Líonraí Gaeilge sin ná pobail a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus ar ina leith atá pleananna teanga comhaontaithe [fo-alt (2)]. Le fo-alt (3), déantar foráil maidir le heagraíocht laistigh den phobal do dhéanamh iarratais ar Fhoras na Gaeilge chun plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm don phobal lena mbaineann, agus cúnamh á fháil ó Fhoras na Gaeilge. Le fo-alt (4), déantar foráil maidir le hOrdú a dhéanamh faoi fho-alt (1) i gcás ina mbeidh an tAire tar éis plean teanga a cheadú. Déanfaidh an tAire cur i bhfeidhm pleananna teanga a athbhreithniú go tréimhsiúil [fo-alt (5)]. Más rud é nach bhfuil plean á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an eagraíocht forfheidhmithe easnaimh shainaitheanta a leigheas laistigh de thréimhse ama shonraithe ar tréimhse í a bhféadfaidh an tAire í a fhadú [fo-ailt (6) agus (7)]. Más rud é, tar éis don Aire athbhreithniú eile a dhéanamh, nach mbeifear tar éis na heasnaimh a leigheas, féadfaidh an tAire, le hOrdú, tar éis dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge, ainmniú an phobail lena mbaineann a chúlghairm [fo-ailt (8) agus (9)].

Alt 12 — Critéir Pleanála Teanga

Foráiltear leis an alt seo go ndéanfaidh an tAire, le Rialachán, na critéir pleanála teanga ar dá réir a cheadófar pleananna teanga i leith Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge a fhorordú.

Alt 13 — Conarthaí arna ndéanamh ag Údarás na Gaeltachta a choimeád i bhfeidhm.

Leis an alt seo, ceadaítear conarthaí atá déanta ag Údarás na Gaeltachta le cuideachtaí atá bunaithe i limistéir a eisiatar ón nGaeltacht ó tharla nach n-ullmhaítear pleananna teanga, nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad chun sástacht an Aire, a choimeád i bhfeidhm go dtí a ndáta éagtha.

Cuid 3

Leasú ar an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979

Alt 14 — Míniú *(Cuid 3)*

Is foráil chaighdeánach í seo lena ndéantar "an Príomh-Acht" a mhíniú, sa chuid seo den Bhille, mar théarma a chiallaíonn an tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979.

Alt 15 — Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht

Le fo-alt (*a*) den alt seo, déantar foráil maidir le leasú ar alt 2 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 trí Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta arna n-ainmniú faoi alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 a chur san áireamh sa mhíniú ar an téarma "Gaeltacht". Le fo-alt (*b*), mínítear "comhairle contae" agus "Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta". Foráiltear le fo-alt (*c*) go scriosfar an téarma "coiste réigiúnach" ón Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 ós rud é go ndéantar foráil leis an mBille seo maidir le deireadh a chur le coistí reachtúla réigiúnacha an Údaráis.

Alt 16 — Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le leasú an chorpais láithrigh reachtaíochta i ndáil le hÚdarás na Gaeltachta chun foráil a dhéanamh maidir le modh nua chun bord Údarás na Gaeltachta a chomhdhéanamh. Foráiltear leis an alt seo gurb é a bheidh sa bhord ná Cathaoirleach agus aon chomhalta dhéag eile agus gurb é nó í an tAire a cheapfaidh iad i gcomhair téarma oifige a mhairfidh cúig bliana. Tá mionsonraí le fáil san alt seo maidir leis an sásra chun na ceapacháin sin a dhéanamh. Déanfaidh comhairlí contae a bhfuil limistéar Gaeltachta nó Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta suite ina ndlínse cúig chomhalta den bhord a ainmniú as measc na gcomhaltaí tofa. Déanfar ceathrar comhalta den chúigear sin a ainmniú as measc chomhaltaí tofa chomhairlí contae chontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí agus beidh siad ina n-ionadaithe ar feadh an téarma iomláin oifige. Déanfar an t-ainmniúchán eile a líonadh ar bhonn sealaíochta uair amháin gach dhá bhliain agus is é nó í a líonfaidh an t-ainmniúchán sin ná comhalta tofa arna ainmniú nó arna hainmniú ag ceann amháin de na comhairlí contae ina bhfuil limistéir bheaga Ghaeltachta (i.e. Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí). I gcás nach féidir le comhairle duine dá comhaltaí tofa a ainmniú ar chúiseanna neamh-infhaighteachta nó mí-oiriúnachta, féadfaidh an chomhairle sin duine seachas ionadaí tofa a ainmniú. Is é nó í an tAire a cheapfaidh na seacht gcomhalta eile, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Sonraítear leis an alt seo freisin go mbeidh ar gach duine a cheapfar a dheimhniú don Aire go bhfuil taithí acu, nó go bhfuil cumas léirithe acu, i ndáil le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis, lena n-áirítear an cumas chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach i nGaeilge.

Alt 17 — Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

Maidir leis na leasuithe ar alt 8 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, ar leasuithe iad dá bhforáiltear i bhfo-ailt (*a*), (*b*), (*c*) agus (*e*) d'alt 17, éiríonn siad as comhairle a fuarthas ó Oifig an Ard-Aighne maidir leis an ngá le soiléiriú a dhéanamh ar mhéid fheidhmeanna an Údaráis faoi fho-alt 8(1) d'Acht 1979. Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 8 d'Acht 1979 agus foráiltear mar a leanas le fo-alt 8(1): "*Déanfaidh an tÚdarás caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann.*"

De bharr na leasuithe ar alt 8, soiléirítear go bhfuil cúram reachtúil ar an Údarás maidir le forbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn. De bhreis air sin, ós rud é gurb é an tÚdarás atá ainmnithe mar ghníomhaireacht forfheidhmithe, laistigh den Ghaeltacht, i ndáil leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, is léir go mbeidh raon leathan feidhmeanna aige a bhaineann leis na cuspóirí éagsúla atá leagtha amach sa Straitéis. Agus aird á tabhairt air sin, foráiltear leis an bhfeidhm nua a bheartaítear a thabhairt don Údarás i bhfo-alt (*b*)

(1B) d'alt 17, go dtabharfaidh an tÚdarás cúnamh maidir le forbairt agus feidhmiú pleananna teanga ag pobail Ghaeltachta. Le fo-alt (*d*), cumasaítear don Údarás, le toiliú an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, seirbhísí a sholáthar thar ceann comhlachtaí eile Stáit sa Ghaeltacht.

Alt 18 — Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht

Le fo-alt (*a*) den alt seo, tugtar cumhacht don Údarás chun cúnamh airgeadais a sholáthar ar mhaithe lena fheidhmeanna a chomhall.

Le fo-alt (*b*), lamháiltear don Údarás, le toiliú an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, cuideachtaí a bhí ag fáil cúnamh airgeadais roimhe seo ó ghníomhaireachtaí eile fiontraíochta a mhaoiniú. De réir cinnidh Rialtais ar an 31 Bealtaine 2011, tá an tÚdarás chun a chuid feidhmeanna fiontraíochta a choimeád, ach sin faoi réir, *inter alia*, sásra a fhorbairt chun a chumasú dó oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile fiontraíochta i ndáil le haon tionscadail shuntasacha Ghaeltachta a bheidh ann agus a mbeidh ardphoitéinseal ag baint leo. Tá sásra riaracháin a thabharfaidh éifeacht don chinneadh sin á fhorbairt faoi láthair. Tá an leasú a bheartaítear i bhfo-alt (*b*) ceaptha chun a chinntiú nach mbeadh cosc ar an Údarás am éigin sa todhchaí maidir le cúnamh a thabhairt, faoin sásra sin, do chuideachtaí a bhféadfadh sé ina leith go bhfuair siad tacaíocht ón Údarás Forbartha Tionscail nó ó Fhiontraíocht Éireann, ach sin faoi réir acmhainní dóthanacha a chur ar fáil.

Foráiltear le fo-alt (*c*) go ndéanfar fo-alt 10(6) den Phríomh-Acht a scriosadh mar go mbaineann sé le feidhm de chuid choistí reachtúla réigiúnacha an Údaráis a bhfuil deireadh le cur leo leis an mBille seo.

Alt 19 — Leasú ar alt 10B den Phríomh-Acht

Leis an alt seo, leasaítear an córam do chruinniú de chuid Choiste reachtúil Meastóireachta an Údaráis ionas gurb é a bheidh sa chóram ná dhá thrian seachas trí cheathrú. Tá gá leis an leasú seo mar gheall ar chúiseanna oibríochtúla de bharr an laghdaithe ar mhéid an choiste seo dá bhforáiltear le halt 18.

Alt 20 — Leasú ar alt 10C den Phríomh-Acht

Le fo-alt (*a*), foráiltear go laghdófar méid Choiste reachtúil Meastóireachta an Údaráis mar léiriú ar an laghdú ar mhéid bhord an Údaráis. Is mar gheall ar chúiseanna oibríochtúla atá gá le fo-alt (*b*) lena lamháiltear don Choiste Meastóireachta teacht le chéile i gcás nach bhfuil Cathaoirleach an Údaráis ar fáil. Foráiltear le fo-alt (*c*) go ndéanfar an líon comhaltaí de bhord an Údaráis atá ar an gCoiste Meastóireachta a laghdú mar léiriú ar an laghdú ar mhéid an choiste.

Alt 21 — Leasú ar alt 20A den Phríomh-Acht

Foráiltear le fo-alt (*a*) go dtabharfaidh an tAire ordacháin don Údarás i dtaca le forbairt teanga, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn agus i dtaca le húsáid na Gaeilge nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann. Léiríonn an leasú seo na leasuithe ar alt 8 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 dá bhforáiltear in alt 17 den Bhille seo. Foráiltear le fo-alt (*b*) go dtabharfaidh an tAire ordacháin don Údarás chun forbairt earnálacha áirithe fiontraíochta a chur chun cinn ar mhaithe le huasmhéadú a dhéanamh ar luach ar airgead ó chaiteachas an Údaráis ar chruthú fostaíochta agus ar thionscadail forbartha fiontraíochta.

Alt 22 — Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

Déantar foráil le fo-alt (1)(*a*)-(*g*) maidir le comhaltaí a cheapadh chun bord an Údaráis ar feadh téarma oifige nach faide ná cúig bliana, ach sin faoi réir dhá théarma chomhleanúnacha ar a mhéad, agus maidir le scriosadh na dtagairtí do chomhaltaí tofa de réir an chinnidh chun deireadh a chur le dírthoghcháin don Údarás. Is é atá i bhfo-alt (1)(*h*) ná leasú teicniúil a bhfuil gá leis mar gheall ar chúiseanna oibríochtúla. Tá gá le fo-alt (1)(*l*) mar thoradh ar dheireadh a chur le Coistí reachtúla Réigiúnacha an Údaráis. Le fo-alt (2), foráiltear go bhfanfaidh bord láithreach an Údaráis in oifig go dtí an 30 Meán Fómhair 2012 chun go mbeidh am ag an Aire bord nua a cheapadh tar éis achtú an Bhille seo.

Cuid 4
Ilghnéitheach

Alt 23 — Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le scriosadh na dtagairtí do thoghcháin d'Údarás na Gaeltachta as an Acht Toghcháin, 1992, de réir an chinnidh chun deireadh a chur le dírthoghcháin don Údarás.

Alt 24 — Leasú ar alt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le scriosadh na dtagairtí do thoghcháin d'Údarás na Gaeltachta as an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, de réir an chinnidh chun deireadh a chur le dírthoghcháin don Údarás.

Alt 25 — Leasú ar alt 18 den Acht Toghcháin, 1997

Leis an alt seo, déantar foráil maidir le tagairt don Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 a scriosadh as an Acht Toghcháin, 1997, de réir an chinnidh chun deireadh a chur le dírthoghcháin don Údarás.

An Sceideal — Aisghairm agus cúlghairm

Déantar foráil le Cuid 1 maidir le halt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 a aisghairm a mhéid a bhaineann le limistéir Ghaeltachta a chinneadh. Déantar alt 9 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, lena ndéantar foráil maidir le horduithe Rialtais a dhéanamh chun feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás, a aisghairm freisin faoin gCuid seo. Ní dhearnadh aon Ordú riamh faoin alt seo agus léiríonn comhairle dhlíthiúil nach féidir le reachtaíocht tharmligthe éifeacht a thabhairt ach amháin do na prionsabail agus na beartais a leagtar amach i reachtaíocht phríomha. Dá réir sin, ní bhaineann alt 9 le hábhar a thuilleadh.

Déantar foráil le Cuid 1 freisin maidir le fo-ailt (1), (2) agus (3) d'alt 10A den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 (arna leasú le halt 6 den Acht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999) a aisghairm agus is é is éifeacht leis sin ná deireadh a chur le Coistí Réigiúnacha an Údaráis. Déantar foráil léi freisin maidir le Cuid IV den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, a dhéileálann le toghadh comhaltaí do bhord an Údaráis, a aisghairm, ós rud é go bhfuil deireadh le cur leis na toghcháin sin faoin mBille seo.

Déantar foráil le Cuid 2 maidir le cúlghairm Orduithe éagsúla maidir le Limistéir Ghaeltachta arna ndéanamh mar thoradh ar fhorálacha alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956. Níl aon ghá leis na forálacha sin a thuilleadh mar go ndéanfar míniú nua ar Ghaeltacht agus Orduithe dá bhforáiltear sa Bhille seo a chur ina n-ionad. Déantar foráil le Cuid 2 freisin maidir le cúlghairm roinnt Rialachán um Thoghcháin Údarás na Gaeltachta nach bhfuil gá leo a thuilleadh mar gheall ar dheireadh a chur le toghcháin Údarás na Gaeltachta faoin mBille seo.

Impleachtaí Airgeadais

Meastar gurb é a bheidh sa tsábháil a leanfaidh as Cuid 3 den Bhille ná sábháil tuairim is €100,000 sa bhliain agus sábháil suas go €500,000 gach cúig bliana. Ní shamhlaítear go leanfaidh aon chostais bhreise don Státchiste as na Codanna eile den Bhille.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta,
Meitheamh 2012.

Wt. —. 629. 6/12. Clondalkin Pharma and Healthcare. (X59682). Gr. 30-15.